# Tuarascáil Bhliantúil an CNMI 2025

***D'fhoilsigh an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) a Thuarascáil Bhliantúil do 2025.***

Inniu, d'fhógair Cathaoirleach an CNMI, Michael McCarthy, mar aon le comhaltaí a bhoird, foilsiú Thuarascáil Bhliantúil an CNMI don bhliain 2025.

Ó bunaíodh é in 2014, tá an CNMI ina bhunchloch san earnáil rialtais áitiúil; soláthraíonn sé maoirseacht neamhspleách agus dian agus tá breis is 80 tuarascáil foilsithe aige. Clúdaítear raon leathan réimsí sna tuarascálacha sin, lena n-áirítear Iniúchadh Inmheánach, Sásamh Custaiméirí, Airgeadas, Pleananna Corparáideacha, Cothabháil Tithíochta agus Seirbhísí Comhroinnte.

Le linn 2025, lean an CNMI de bheith ag cur a shainordaithe chun cinn trí chlár cuimsitheach oibre, clár a bhí ina chúis le trédhearcacht, cuntasacht agus feidhmíocht a neartú laistigh den earnáil rialtais áitiúil.

Áiríodh ar obair thábhachtach an CNMI le linn 2025:

- Foilsiú Thuarascáil Bhliantúil Táscaire Feidhmíochta na n-údarás áitiúil,
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht aonair cúig údarás áitiúil, lena n-áirítear taifeadadh agus tras-scríobh na gcruinnithe, chomh maith le foilsiú tuarascálacha. Rinneadh na hathbhreithnithe sin mar chuid de phróiseas nua láidir grinnscrúdaithe ar obair na n-údarás áitiúil in Éirinn,
- An seachtú Seimineár um Dhea-Chleachtas sa Rialtas Áitiúil de chuid an CNMI a óstáil i gCaisleán Chill Chainnigh, inar leagadh béim ar thionscadail nuálacha a d'fhéadfaí a athchruthú ar fud earnáil an rialtais áitiúil,
- Cód Caiteachais Phoiblí 2024 a fhoilsiú,
- Ceardlann rannpháirteach ar sheirbhís do chustaiméirí in údaráis áitiúla a óstáil,
- Athbhreithniú an CNMI ar Phleananna Corparáideacha Údarás Áitiúil agus Tionóil Réigiúnaigh 2025–2029 a fhoilsiú,

- Ceardlann fhaisnéiseach a reáchtáil le Cathaoirligh na gCoistí Iniúchóireachta in údaráis áitiúla,
- Athbhreithniú ar Thuarascálacha Monatóireachta ar Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha ag Tionóil Réigiúnacha a fhoilsiú, agus
- Obair i gcúrsaí eile lena n-áirítear Seirbhísí Comhroinnte, Straitéisí Digiteacha, Suirbhéanna Náisiúnta ar Sheirbhís do Chustaiméirí agus rannpháirtíocht le geallsealbhóirí ar fud earnáil an rialtais áitiúil.

Ina theannta sin, ba phríomhgheallsealbhóir é an CNMI ar an Tascfhórsa Daonlathais Áitiúil a chuir le forbairt moltaí a bhí dírithe ar earnáil rialtais áitiúil na hÉireann a athchóiriú.

Dúirt Cathaoirleach an CNMI, **"tá an CNMI tiomanta do mhaoirseacht dhian neamhspleách ar earnáil an rialtais áitiúil agus bhí sé sin soiléir ón obair eiseamláireach a rinneadh i rith 2025."**

Leag sé béim ar éachtaí amhail **"Tuarascáil Táscaire Feidhmíochta fheabhsaithe, athbhreithniú cuimsitheach ar phleananna corparáideacha, anailís dhomhain ar chúig údarás áitiúla tríd ár bPróiseas Grinnscrúdaithe feabhsaithe agus óstáil rathúil an tSeimineáir Dea-Chleachtais agus sraith ceardlann ina ndíríodh ar fheabhsú leanúnach."**

Ghabh Cathaoirleach an CNMI buíochas le comhaltaí an bhoird, Rúnaíocht an CNMI, an tAire James Browne, T.D., agus a chomhpháirtithe earnála as a gcomhoibriú leanúnach.

Chun féachaint ar Thuarascáil Bhliantúil an CNMI, bain úsáid as an nasc thíos:

https://cdn.noac.ie/wp-content/uploads/2026/04/NOAC-Annual-Report-2025-Complete.pdf

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le Tuarascáil Bhliantúil an CNMI 2025, nó aon cheann de thuarascálacha eile an CNMI, ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh le noac@housing.gov.ie.

Críoch.